

## Obair Bhaile

Tugtar obair bhaile ar na cúiseanna seo a leanas:

- Chun an méid a fhoghlaimíonn páiste i rith an lae a threisiú
- Chun nasc idir mhúinteoir agus tuismitheoir a sholáthar
- Chun comhdhírú an pháiste a fhorbairt agus chun eitic oibre a fhorbairt
- Ba cheart go mbeadh obair bhaile indéanta ag an bpáiste, is é sin, tugann sé seans obair atá déanta cheana féin a chleachtadh. De ghnáth bíonn sé ullmhaithe ag an múinteoir sa rang. Uaireanta áfach an aidhm ná dúshlán a thabhairt d'ábaltacht an pháiste agus seansanna do chruthaíocht a sholáthar.
- Bítear ag súil go ndéanfaidh páistí a gcuid obair bhaile chomh maith agus is féidir leo.

## Minicíocht

- Tugtar obair bhaile ar an Luan, ar an Mháirt, ar an gCéadaoin agus ar an Déardaoin ach ní thugtar obair bhaile ar an Aoine. Tá dhá eisceacht ann :
  1. Mura bhfuil obair bhaile déanta i rith na seachtaine
  2. I roinnt ranganna déantar obair ar thionscadail ag an deireadh seachtaine
- Uaireanta de rogha an mhúinteoir ranga nó de rogha an phríomhoide tugtar oíche 'Saor ó obair bhaile' do na daltaí mar fhéirín nó chun ócáid speisialta a cheiliúradh
- Uaireanta seans go dtugtar obair bhaile breise i rith na seachtaine nó ag an deireadh seachtaine mura bhfuil an obair bhaile déanta nó mura bhfuil iarracht chúí déanta

## Ábhar obair bhaile

- Go hidéalach séard a bheidh san obair bhaile ná cothromaíocht idir tascanna léitheoireachta, tascanna foghlama agus tascanna scríbhneoireachta. Ní bhíonn an chothromaíocht seo indéanta i gcónaí agus is féidir leis athrú ó lá go lá
- Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an t-am a chaitear ar léitheoireacht agus ar fhoghlaim chomh tábhachtach le hobair scríofa
- Is féidir leis na míreanna seo a leanas a bheith mar chuid den obair bhaile – léitheoireacht, litriú, táblaí, obair scríofa, píosaí le foghlaim 'de ghlan meabhair', tarraingt/dathú, eolas a bhailiú, míreanna a thosaíodh sa rang a chríochnú

Bíonn ról tábhachtach ag tuismitheoirí ag éisteacht le léitheoireacht agus le míreanna le foghlaim agus ag cinntiú go bhfuil an obair seo déanta go maith

## Leithdháileadh ama

Is iad seo a leanas **treoirlínte** don am a chaitear ar obair bhaile. Tógfaidh sé níos faide ar roinnt páistí an obair bhaile céanna a dhéanamh ná mar a thógfaidh sé ar pháistí eile. Tiocfaidh athrú ar an méid ama a chaitear ó lá go lá agus freisin ó thús go deireadh na scoilbhliana. Tá sé tábhachtach a chuimhiú gurb é **an cháilíocht agus ní an méid** obair bhaile atá tábhachtach. Séard atá iontu seo a leanas ná treoirlínte ginearálta amháin:

Naíonáin Shóisearacha	Suas go 10 nóiméad
Naíonáin Shinsearacha	Suas go 10 nóiméad
Rang a hAon	Suas go 20 nóiméid
Rang a Dó	Suas go 30 nóiméid
Rang a Trí	Suas go 45 nóiméid
Rang a Ceathair	Suas go 45 nóiméid
Rang a Cúig	Suas go 60 nóiméid
Rang a Sé	Suas go 60 nóiméid

### **Rannpháirtíocht Tuismitheoirí**

- Ba cheart do thuismitheoirí iarracht a dhéanamh cabhrú lena bpáistí a gcuid obair bhaile a dhéanamh trí: Áit agus am oiriúnach a sholáthar dóibh chun a gcuid obair bhaile a dhéanamh Cur isteach nó mearú a chosc (teilifís/glór)
- Ba cheart do pháistí a gcuid obair bhaile scríofa a dhéanamh iad féin. Ní ceart do thuismitheoirí cabhrú leo ach amháin nuair atá deacracht ag an bpáiste
- Má tá deacracht ag an bpáiste leis an obair bhaile, ba cheart do thuismitheoirí cabhrú le míniú sa bhreis ach ní ceart dóibh an obair bhaile a dhéanamh don pháiste iad féin. Sa chás seo ba cheart do na thuismitheoirí nóta a scríobh don mhúinteoir chun an fhadhb a mhíniú

### **Tuismitheoirí ag déanamh Monatóireachta ar Obair Bhaile**

- Ba cheart do thuismitheoirí obair bhaile an pháiste a sheiceáil agus a dhialann obair bhaile a shíniú gach tráthnóna
- Is taifead tábhachtach d'obair bhaile an pháiste é an dialann. Is meán cumarsáide luachmhar é chomh maith idir thuismitheoirí agus múinteoirí

### **Múinteoirí ag déanamh Monatóireachta ar Obair Bhaile**

- Go hidéalach is maith le múinteoirí obair bhaile a sheiceáil go laethúil. Ach, le huimhreacha arda sna ranganna áfach ní bhíonn sé indéanta i gcónaí dialann obair bhaile gach páiste a sheiceáil gach lá.
- De réir mar a éiríonn páistí níos sine agus de réir mar a fhoghlaimíonn siad conas obair a dhéanamh go neamhspleách, ní dhéantar seiceáil ar roinnt míreanna den obair bhaile chomh minic m.sh. gach ré lá nó uair sa tseachtain
- Is féidir leis na páistí roinnt míreanna den obair bhaile (agus den obair ranga) a sheiceáil iad féin faoi stiúir an mhúinteora. Is cuid úsáideach den phróiseas foghlama é seo do pháistí

### **Cumarsáid**

Ba cheart dul i dteagmháil le múinteoirí (i scríbhinn sa dialann obair bhaile):

- Nuair nach féidir le do pháiste a chuid obair bhaile a dhéanamh de bharr cúinsí clainne
- Nuair nach féidir le do pháiste a chuid obair bhaile a dhéanamh toisc nach dtuigeann siad cuid de
- Má bhíonn an t-am a chaitear ar obair bhaile níos faide ná an méid ama a mholtar go rialta

### **Cathain ba cheart obair bhaile a dhéanamh?**

- Go hidéalach ba cheart obair bhaile a dhéanamh díreach tar éis am scoile nuair nach bhfuil tuirse ar do pháiste; bíonn sos de dhíth ag roinnt páistí sula dtosnaíonn siad ar obair bhaile áfach.
- Ní ceart obair bhaile a fhágáil riamh go dtí ar maidin roimh am scoile.

### **Tacaíocht Foghlama**

Is féidir le múinteoirí ranga agus le múinteoirí tacaíochta foghlama dul i gcomhairle lena chéile chun obair bhaile chuí/ idirdhealaitheach a thabhairt.

### **Teicneolaíocht Eolais**

Tógtar cúinsí clainne san áireamh nuair a thugtar topaicí taighde mar obair bhaile.

**Nóta:**

Má éiríonn strus idir tuismitheoir agus páiste as obair bhaile, tá rud éigin mícheart! Éiríonn drochfhoghlaim as seo agus ní fiú é a dhéanamh. Má tharlaíonn sé seo go rialta, téigh i dteagmháil leis an múinteoir ranga le d'thoil.

Curtha i bhfeidhm	Bealtaine 2005
Athbhreithniú déanta	Aibreán 2014
Athbhreithniú le déanamh	Aibreán 2018

Má éiríonn saincheist maidir leis an bpolasaí seo, is féidir leis an bhfoireann athbhreithniú a dhéanamh ar an bpolasaí seo ag aon am.

Ghlac siad seo a leanas leis an bpolasaí:

1. Foireann Ghaelscoil Chill Mhantáin
2. Cumann na Tuismitheoirí
3. An Bord Bainistíochta

Dáta:

Síniú an Chathaoirligh den Bhord Bainistíochta \_\_\_\_\_

